Cor Poist Foireann na hIar-bhunscoile Feabhra 2025

A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Ba mhaith le Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile beannachtaí an earraigh a ghuí ort agus ar phobal do scoile. Ba mhian linn an deis seo a thapú roinnt eolais i dtaobh an teagaisc agus na foghlama a chur faoi do bhráid.

Seo a leanas na topaicí atá luaite sa chor poist seo:

- Eolas faoi 'Bláthú Teanga í a Léamh 1' agus 'Bláthú Teanga Í a Léamh 2'
- Acmhainní nua atá le fáil ar shuíomh oide.ie do mhúineadh na Gaeilge T1 agus T2
- Cúinne na Léitheoireachta: *Dordán* le hÉilís Ní Dhuibhne
- Measúnuithe Rangbhunaithe na gCohórt Éagsúil
- FCÁT
- Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí- Nóta faisnéise do scoileanna
- Earcaíocht

'Bláthú Teanga í a Léamh' 1 agus 2

D'éirigh go geal leis an tsraith d'eispéiris foghlama ghairmiúla (EFG) a bhí ar siúl ag Oide le déanaí faoin gCiorclán 0070/2024:

Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027. Ba mhian linn ár mbuíochas a ghabháil leis na múinteoirí uilig a d'fhreastail ar an dá eispéireas foghlama de chuid 'Bláthú Teanga Í a Léamh'. Ba mhór againn bhur rannpháirtíocht agus an t-aiseolas a thug sibh dúinn. Thug 'Bláthú Teanga Í a Léamh 1' spléachadh ar 'Cócó' agus 'Deireadh na Feide', agus rinne 'Bláthú Teanga Í a Léamh 2' iniúchadh ar an ngearrscannán 'Eoinín na nÉan' agus an dán 'Dínit an Bhróin'. Tá na sleamhnáin ón dá eispéireas foghlama seo le fáil anseo ar shuíomh Oide anois.

Acmhainní chun tacú le teagaisc agus foghlaim na Gaeilge le fáil ar shuíomh Oide.ie

Tá áthas orainn neart acmhainní a roinnt libh chun tacú le teagaisc agus foghlaim na Gaeilge atá le fáil ar shuíomh Oide.ie faoi láthair. I measc na n-acmhainní seo, tá an t-ábhar a bhí mar chuid de na laethanta EFG i mbliana, bunaithe ar an bhFoghlaim Thasc-Bhunaithe do scoileanna T2, agus Scil na Scríbhneoireachta; Cruinneas, Saibhreas agus Cruthaitheacht do scoileanna T1. Tá acmhainní le fáil leis ar conas an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an tseomra ranga, chomh maith le hacmhainní ar nós na hEagraithe Grafacha agus na Mataí Gramadaí i bhfoirm PDF, chomh maith le cáipéisí oifigiúla eisithe ag an Roinn Oideachais. Is féidir teacht ar na leathanaigh do Ghaeilge Iar-bhunscoile trí chliceáil anseo.

Cúinne na Léitheoireachta

Is scéal nua-aimseartha é úrscéal Éilís Ní Dhuibhne, *Dordán* atá mar rogha ar Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh, 2027.

Tugtar léargas dúinn san úrscéal seo ar shaol Natasha. Is scoláire iar-bhunscoile í, ag streachailt le brú na hArdteiste, deacrachtaí teaghlaigh, an grá, agus cairdeas. Cíorann an t-úrscéal corraitheach seo na dúshláin a bhaineann le bheith i do dhéagóir na laethanta seo.

Measúnuithe Rangbhunaithe na gCohórt Éagsúil

- MRB 2: Tasc Cumarsáideach do scoláirí sa tríú bliain reatha (2024/25)
- MRB 1: Punann Teanga do scoláirí sa dara bliain reatha (2024/25).

Guíonn Foireann na Gaeilge gach rath ar scoláirí agus iad ag tabhairt faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe.

Tá nasc **anseo** don cháipéis *Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe* do scoileanna T1

agus tá an cháipéis ábhartha do scoileanna T2 ar fáil ag an nasc **seo**.

Tabharfaidh an cháipéis deis duit breathnú ar dhátaí tábhachtacha maidir le cur i bhfeidhm an mheasúnaithe rangbhunaithe seo. Is mian linn d'aird a tharraingt ar an eolas seo i leith an mheasúnaithe rangbhunaithe seo. Déanfaidh scoláirí sa dara bliain MRB 1: Punann Teanga a chur i gcrích agus iad sa dara bliain agus tabharfaidh siad faoi MRB 2 agus iad sa tríú bliain.

Tionscadal FCÁT 2024/25

'Teanga trí ábhar agus ábhar trí theanga' is aidhm don scéim FCÁT. Tá an-áthas orainn go bhfuil Oide ag tacú le múinteoirí Iar-bhunscoile le tabhairt faoi FCÁT ina scoileanna. Éascaíonn cur chuige FCÁT soláthar gnéithe den churaclam i nGaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Bhí lá oiliúna rathúil acu le saineolaithe FCÁT le déanaí agus tá dul chun cinn dearfach ag dul ar aghaidh ó sheachtain go seachtain agus an Ghaeilge a spreagadh agus a shaibhriú ina scoileanna féin. Guímid gach rath orthu agus ar a scoláirí.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh ag an nasc seo. Más maith leat tuilleadh léitheoireachta bunaithe ar an taighde is

déanaí ón CNCM ar FCÁT/CLIL a dhéanamh, tá cáipéis ábhartha ar fáil anseo.

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí- Nóta faisnéise do scoileanna

Is é seo an naoú heagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil.

Earcaíocht

Tá Oide ag earcú faoi láthair chun roinnt poist lánaimseartha ar iasacht do mhúinteoirí a líonadh a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sa scoilbhliain 2025/2026. Lorgaítear iarratais ó cheannairí scoile agus múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile cláraithe. Is féidir go gcuirfí painéil le chéile do na poist. Is é 20 Feabhra 2025 ag 5 i.n. an spriocdháta d'iarratais. Tá gach eolas ar fáil anseo.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,

Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.

'Ní hé lá na gaoithe lá na scolb (ná lá na bpáistí)'